C/2025/2032

11.4.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2032)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Hjälmargös'

Uimh. AE: PDO-SE-02888-AM01 - 22.1.2025

1. **Ainm an táirge**

'Hjälmargös'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an tSualainn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasaithe chaighdeánaigh á chur in iúl aige**

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht agus ar an doiciméad aonair de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

a) ní áirítear leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

b) ní dócha go mbeidh riosca ann go gcuirfidh siad an nasc dá dtagraítear in Airteagal 46(1)(b) i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ar neamhní;

c) níl tuilleadh srianta i gceist leo maidir le margaíocht a dhéanamh ar an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. Leasú chun go bhféadfar iasc a fhuarú gan é a dhí-inniú

Leasaítear Roinn 3.5 den tsonraíocht táirge agus pointe 3.4 den doiciméad aonair mar a leanas:

Gabhtar agus tugtar 'Hjälmargös' i dtír ar Loch Hjälmaren. Féadfar an t-iasc a fhuarú gan é a dhí-inniú. Féadfar é a dhí-inniú freisin agus ansin é a fhuarú nó a reo, nó a ghearradh ina fhilléid agus ansin é a fhuarú. Féadfar filléid a reo freisin. Ní mór na hoibríochtaí uile a dhéanamh sa limistéar geografach.

Ní fhéadfar 'Hjälmargös' iomlán (nach bhfuil filléadaithe) a reo lasmuigh den limistéar geografach agus a dhíol faoin ainm 'Hjälmargös'.

Ceadaítear leis an leasú an t-iasc a fhuarú gan é a dhí-inniú ar dtús. Tá sé ráite ag Cumann Iascaigh Loch Hjälmaren gur cur chuige é sin a úsáideann iascairí 'Hjälmargös'. Leis an leasú, cuirtear an tsonraíocht táirge agus an doiciméad aonair i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. Leasú ar an tuairisc ar an táirge a bhaineann le méid mhogaill agus iascaireacht á déanamh le heangacha gaiste le faidhclíonta móra

Leasaítear Roinn 3.2 den tsonraíocht táirge agus pointe 5 den doiciméad aonair mar a leanas:

'Ní fhéadfar iascaireacht sruthlíonta a dhéanamh ach amháin le trealamh ag a bhfuil méid mhogaill 60 mm ar a laghad. Ní fhéadfaidh na héisc a bheith níos lú ná 45 cheintiméadar tráth na gabhála. Níl feidhm ag an srian ar mhéid mhogaill maidir le heangacha gaiste le faidhclíonta móra. Baintear an ghabháil as an bhfaidhclíon, agus cuirtear éisc nach gcomhlíonann an ceanglas méide 45 cm ar ais beo sa loch.'

Foráiltear leis an leasú go n-úsáidfear méid mhogaill éagsúil le haghaidh eangacha gaiste le faidhclíonta móra. Cuireann sé isteach freisin go mbaintear an ghabháil as an bhfaidhclíon agus nach mór éisc atá róbheag a chur ar ais beo san fharraige.

Tá sé ráite ag Cumann Iascaigh Loch Hjälmaren gur cur chuige é sin a úsáideann iascairí 'Hjälmargös'. Déantar an leasú chun an tsonraíocht táirge agus an doiciméad aonair a thabhairt i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair ag iascairí 'Hjälmargös'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. Leasú ar an tuairisc ar an limistéar geografach a mhéid a bhaineann leis an bhfad ó na línte teorannaithe locha

Leasaítear Roinn 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair mar a leanas:

'Áirítear an limistéar talún timpeall an locha, suas le 10 km ó línte teorann an locha, sa limistéar geografach freisin do ghníomhaíochta sa slabhra táirgeachta, lena gcuimsítear stóráil, próiseáil agus ullmhú "Hjälmargös".'

Leis an leasú, cuirtear síneadh leis an limistéar geografach go 10 km ó línte teorannaithe Loch Hjälmaren. Deir Cumann Iascaigh Loch Hjälmaren nár tháinig an limistéar 1 km roimhe sin le gníomhaíochtaí iascairí 'Hjälmargös'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Hjälmargös'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 03 – ÉISC AGUS CRUSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE

0304 – filléid éisc agus feoil eile éisc (bídís mionaithe nó ná bídís), úr, fuaraithe nó reoite

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is liúsphéirse (*Sander lucioperca*) úr a ghabhtar go fiáin é 'Hjälmargös' ó Loch Hjälmaren. Ní mór an t-iasc a bheith 45 cm ar fad ar a laghad nuair a ghabhtar é agus díoltar é agus é úr nó reoite, ina iomláine nó mar fhilléid.

Imríonn roinnt tosca, a bhaineann lena ghnáthóg, tionchar ar bhlas 'Hjälmargös'. Is dobharlach ilchothaitheach é Loch Hjälmaren a sholáthraíonn do na héisc cuid mhaith dá bpríomhfhoinse bia, is é sin smealt (*Osmerus eperlanus*). I staidéir ar smealta ó uiscí éagsúla, léiríodh go bhfuil comhdhéanamh uathúil aigéid shailligh sna smealta i Loch Hjälmaren, rud a dhéanann difear do chion aigéid shailligh na liúsphéirse freisin. Léiríodh i staidéir a rinneadh go bhfágann an timpeallacht ilchothaitheach go bhfásann 'Hjälmargös' go han-tapa agus go han-chothrom. Mar gheall air sin, táirgtear éisc ramhra, lena ngabhann uigeacht bhog mhín nuair a chócaráiltear iad.

Méid

≥ 45 cm ar fad

≥ 0,8 kg

Blas

Daoine a bhfuil oiliúint chéadfach orthu, deir siadsan go minic go bhfuil blas éadrom éisc agus glan ar 'Hjälmargös'. Tá blas bog ar 'Hjälmargös' agus é amh. Is féidir blas séimh cnónna agus cantarnaide a dhéanamh amach. Tá an t-iarbhlas miotalach.

Nuair a chócaráiltear 'Hjälmargös' tarraingítear amach an tsaill san iasc agus nochtar pailéad blasanna. Áirítear orthu sin ruainnín milseachta agus goirte áirithe. Is féidir blas lag cnónna a fháil fós, chomh maith le blasanna sliogéisc.

Uigeacht

Uigeacht bhog bhlasta atá ag 'Hjälmargös' agus ní mhothaíonn sé sailleach. Tá blas 'Hjälmargös' chomh héadrom sin gurb í a uigeacht i slisní tanaí, lena laminae soiléire teanna, an tsaintréith is láidre den bhlaiseadh.

Dath

Tá loinnir phéarlach ar fheoil 'Hjälmargös'.

Cion cothaithe (in aghaidh 100 g d'fheoil éisc)

Fuinneamh (kcal)	80 - 90
Saill (g)	0,2 - 0,3
Próitéin (g)	20 - 26

Ní pointí rialaithe iad sin ach forbhreathnú ar na raonta luachanna cothaitheacha a fhaightear de ghnáth i liúsphéirse a ghabhtar go fiáin.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is iasc creachóireach an liúsphéirse agus cothaíonn sí í féin ar éisc fhiáine eile a mhaireann sna huiscí céanna. I Loch Hjälmaren is é an smealt (*Osmerus eperlanus*) a príomhfhoinse bhia, ar an meán i rith na bliana. Ag brath ar infhaighteacht smealt agus an séasúr, cuimsíonn a aiste bia péirse (*Perca fluviatilis*), róiste (*Rutilus rutilus*) agus gilín (*Alburnus alburnus*) freisin.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Gabhtar agus tugtar 'Hjälmargös' i dtír ar Loch Hjälmaren. Féadfar an t-iasc a fhuarú gan é a dhí-inniú. Féadfar é a dhí-inniú freisin agus ansin é a fhuarú nó a reo, nó a ghearradh ina fhilléid agus ansin é a fhuarú. Féadfar filléid a reo freisin. Ní mór na hoibríochtaí uile a dhéanamh sa limistéar geografach.

Ní fhéadfar 'Hjälmargös' iomlán (nach bhfuil filléadaithe) a reo lasmuigh den limistéar geografach agus a dhíol faoin ainm 'Hjälmargös'.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Lipéadaítear gach seachadadh de 'Hjälmargös' leis an méid seo a leanas (anuas ar fhaisnéis a cheanglaítear de réir dlí):

— dáta na gabhála

— iascaire (uimhir aitheantais)

— ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is é Loch Hjälmaren an limistéar geografach. Críochaítear teorainn an locha le líne an chladaigh agus línte díreacha idir an dá phointe is imeallaí de bhéal gach craobh-abhann agus asraon an locha.

Áirítear an limistéar talún timpeall an locha, suas le 10 km ó línte teorann an locha sa limistéar geografach freisin maidir le gníomhaíochtaí sa slabhra táirgeachta, lena gcuimsítear stóráil, próiseáil agus ullmhú 'Hjälmargös'.

Is é Loch Hjälmaren an ceathrú loch is mó de réir achar dromchla (484 km^2) sa tSualainn agus tá sé suite in Mälardalen i lár na Sualainne. Tagann an t-ainm ón bhfocal Seansualainnise **iælmber*, a chiallaíonn 'an loch stoirmiúil' go bunúsach. Tá an loch roinnte idir trí réigiún, Södermanland, Närke agus Västmanland. Is féidir Loch Hjälmaren a roinnt i gcúig abhantrach teorannaithe a bheag nó a mhór: Hemfjärden, Mellanfjärden, Stor-Hjälmaren, Södra Hjälmaren agus Östra Hjälmaren.

Déantar an iascaireacht tráchtála in Stor-Hjälmaren agus Östra Hjälmaren den chuid is mó, chomh maith leis an gcuid is faide soir de Mellanfjärden. Is láithreacha sceite agus iasclanna an-éadomhain don liúsphéirse iad iarthar Mellanfjärden agus Hemfjärden, go pointe áirithe (níos lú ná 2 m ar doimhneacht).

5. Nasc leis an limistéar geografach

Baineann an nasc idir an limistéar geografach agus tréithe orgánaileipteacha 'Hjälmargös' le dálaí nádúrtha an limistéir agus le tosca daonna.

Dálaí nádúrtha

— uisce éadomhain

— meánteocht ard

— leibhéil arda cothaitheach

— trédhearcacht íseal uisce

— Tá 'Hjälmargös' oiriúnaithe go géiniteach do dhálaí an locha, mar aon leis an bpríomhiasc creiche.

Is iad uisce éadomhain, teochtaí arda agus leibhéil arda cothaitheach saintréithe an locha. I ndáil leis na trí rud sin, is féidir Loch Hjälmaren a mheas mar loch foircneach agus é ina loch mór de thuaisceart na hEorpa. Is é 6.1 m an mheándoimhneacht. Bhí an loch éadomhain i gcónaí, ach rinneadh é a ísliú breis agus méadar amháin le linn oibríochtaí ísliúcháin locha móra in 1878-1887 chun talamh feirmeoireachta timpeall an locha a scaoileadh. Cuireann an t-uisce éadomhain leis an teocht ard. Suaitear an meall iomlán uisce nuair a bhíonn sé gaofar ar an loch, rud a chiallaíonn nach mbíonn aon uisce faoin teirmeachlaonas sa samhradh. Tá an stádas cothaitheach an-ard agus tá na meánleibhéil fosfair thart ar 50 µg/l in Stor-Hjälmaren. Cuireann sé sin le trédhearcacht íseal uisce sa loch, ar buntáiste é sin do chreachadóirí a fhiachann éisc chreiche. Tá na tosca sin ar fad tairbhiúil do 'Hjälmargös'.

Soláthraíonn teochtaí arda agus leibhéil arda cothaitheach an locha cuid leordhóthanach dá bpríomhfhoinse bia do na héisc, is é sin smealt (*Osmerus eperlanus*). I staidéir ar smealta ó uiscí éagsúla, léiríodh go bhfuil comhdhéanamh uathúil aigéid shailligh sna smealta i Loch Hjälmaren, rud a dhéanann difear do chion aigéid shailligh na liúsphéirse freisin. Taispeántar sna staidéir go bhfágann an timpeallacht ilchothaitheach go bhfásann 'Hjälmargös' go han-tapa agus go han-chothrom. Mar gheall air sin, táirgtear éisc ramhra, lena ngabhann uigeacht bhog mhín nuair a chócaráiltear iad.

Taispeántar sna staidéir ghéiniteacha freisin gur oiriúnaigh an daonra liúsphéirse i Loch Hjälmaren dá dhálaí sonracha. Léirítear le hanailís dhomhain ar liúsphéirsí ón Muir Bhailt agus lochanna i lár na Sualainne go bhfuil na liúsphéirsí i Loch Hjälmaren uathúil agus go bhfuil sé difriúil go géiniteach leis na liúsphéirsí uile eile, lena n-áirítear iad siúd i ndobharlaigh in aice láimhe. Úsáidtear liúsphéirse ó Loch Hjälmaren chun meánna eile a líonadh, ach níor tháinig aon athrú géiniteach intomhaiste ar na pobail liúsphéirse áitiúla as na cásanna sin. Faightear an daonra 'Hjälmargös' atá difriúil go géiniteach i Loch Hjälmaren amháin. Ní dhéantar aon aistriú liúsphéirsí ó dhobharlaigh eile chuig Loch Hjälmaren ach oiread.

Tosca daonna

Imríonn tosca eile, anuas orthu siúd a bhaineann lena ghnáthóg agus a ghéinitic, tionchar ar bhlas 'Hjälmargös':

— an fócas ar cháilíocht agus bainistíocht inbhuanaithe an stoic liúsphéirsí

— an líon mór iascairí tráchtála – aga gearr idir an ghabháil agus seachadadh

— eolas oibre ar an mbitóp

Ní fhéadfar iascaireacht a dhéanamh ach amháin le trealamh ag a bhfuil méid mhogaill 60 mm ar a laghad. Ní fhéadfaidh na héisc a bheith níos lú ná 45 cheintiméadar tráth na gabhála. Níl feidhm ag an srian ar mhéid mhogaill maidir le heangacha gaiste le faidhclíonta móra. Baintear an ghabháil as an bhfaidhclíon, agus cuirtear éisc nach gcomhlíonann an ceanglas méide 45 cm ar ais beo sa loch. Ionas nach gcuirfí infhaighteacht bia i mbaol, tá srian i bhfeidhm i ndáil le hiascaireacht iasc creiche liúsphéirsí. Ní dhéantar aon trálaeireacht sa loch. Athraíonn an rogha trealaimh iascaireachta agus suímh iascaireachta le linn na bliana agus tá sé bunaithe ar thaithí na mblianta. Fágann na modhanna iascaireachta go láimhseálann na hiascairí gach iasc agus go ndéanann siad measúnú ar gach iasc go haonarach. Cúis amháin le cáilíocht 'Hjälmargös' is ea an srian ar iascaireacht a chuireann na hiascaigh thráchtála i bhfeidhm. Is trí thoisc thábhachtacha iad méid na n-iasc, a bhfás gasta (teocht ard uisce agus cion cothaitheach agus infhaighteacht mhaith creiche) agus úire i ndáil le blas 'Hjälmargös', tosca is féidir a nascadh leis an mbealach a ndéantar iascaireacht tráchtála ar Loch Hjälmaren.

Deimhnítear inbhuanaitheacht 'Hjälmargös' le deimhniú Chomhairle Maoirseachta Muirí (MSC) na n-iasc. Ní ceanglas le haghaidh ainmniúchán faoi chosaint é deimhniúchán MSC, áfach. Meastar gur iasc d'ardcháilíocht é 'Hjälmargös'.

As traidisiún iascaireachta breis agus 500 bliain a thagann an iascaireacht liúsphéirsí sa loch. Sa lá atá inniu ann, déanann 35 iascaire tráchtála iascaireacht liúsphéirsí ar Loch Hjälmaren agus tá calafoirt bhaile timpeall an locha, líon atá an-ard i gcás loch dá mhéad. Ciallaíonn iascaireacht ar mionscála nach mbíonn na hiascairí i bhfad ón gcalafort baile riamh agus is minic nach mbíonn i gceist idir an ghabháil agus díluchtú ar an gcé ach 2 uair an chloig. D'fhéadfadh 5 uair an chloig ar a mhéad a bheith i gceist i ndrochaimsir. Cuirtear na héisc ar oighear ar an mbád ag an tráth is teo den bhliain. Baineann an blas glan 'éisc' arb é is saintréith do 'Hjälmargös' leis an iascaireacht ísealtionchair. Aga gearr idir an ghabháil agus an láimhseáil ar talamh. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh don cháilíocht mar úire, ar cáilíocht í a choinnítear de thoradh reo gasta go tapa tar éis teacht i dtír.

Is meá speisialta é Lake Hjälmaren lena dteastaíonn saineolas leathan chun máistreacht a fháil ar shaintréithe speisialta an locha agus chun iascaireacht a dhéanamh san áit cheart ag an uair cheart don cháilíocht is airde.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/produktspecifikation-hjalmargos-skyddad-ursprungsbeteckning_241219.pdf